

Oibleagáidí táirgeoirí coinneal agus táirgeoirí idirleatóirí giolcaí an AE faoi Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (CMÚC) agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (ALP)

Cad is gá dom a chur san áireamh nuair a dhéanaim coinneal nó idirleatóirí giolcacha san AE?

Ní mór do chuideachta de chuid an AE a dhéanann coinneal (lena n-áirítear leá céir) nó idirleatóirí giolcacha a bheith ar an eolas go bhféadfadh oibleagáidí dlíthiúla a bheith orthu faoi rialacháin AE maidir le ceimiceáin, agus ní mór dóibh na hoibleagáidí sin a bhreithniú sula gcuireann siad na coinneal nó na hidirleatóirí ar an margadh. Is meascáin cheimiceacha iad na táirgí seo faoi rialacháin an AE CMÚC agus ALP agus má tá siad rangaithe mar contúirteach do shláinte an duine nó don chomhshaoil (de bharr cumhráin bhreise mar shampla) nó mar gheall ar chontúirtí fisiceacha, caithfidh siad a bheith i gcomhréir leis na rialacháin seo sula gcuirtear ar an margadh iad.

Conas a bheidh a fhios agam an rangaithear mo choinneal nó m'idirleatóir mar contúirteach?

Beidh aicmiú na coinneal nó an idirleatóra ag brath ar aicmiú na gcomhábhar éagsúil a théann isteach sa táirge agus a dtiúchan sa mheascán deiridh. Gheofar faisnéis maidir le haicmiú na gcomhábhar, lena n-áirítear olaí cumhráin, ón gcuideachta a sholáthraíonn iad don táirgeoir coinneal nó don táirgeoir idirleata - beidh an fhaisnéis i gcuid 3 de na bileoga sonraí sábháilteachta a chuirfidh an soláthraí ar fáil.

Is féidir aicmiú na gcomhábhar a sheiceáil freisin ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpach Ceimiceán (GEC) agus úsáid á baint as an ainm ceimiceach nó as aitheantóir an táirge, amhail an uimhir Sheirbhís na gCoimrithe Ceimiceacha (SCC). Ní mór tiúchan gach comhábhair chontúirteach sa mheascán a ríomh ansin chun a chinneadh an aicmítear an meascán deiridh mar mheascán contúirteach. Tá tuilleadh faisnéise ar conas meascán a rangú ar fáil ar shuíomh gréasáin na GEC ag an nasc seo.

Cad mar gheall ar an bpacáistiú agus ar an lipéadú do mo choinneal nó m'idirleatóirí giolcaí?

Má aicmítear an choinneal nó an t-idirleatóir mar contúirteach, nó má tá an ráiteas 'Tá (ainm na substainte íograithe) ann. D'fhéadfadh go mbeadh frithghníomh ailléirgeach ag teastáil', ansin ní mór an choinneal nó an t-idirleatóir a lipéadú agus a phacáistiú de réir ALP sula gcuirtear ar an margadh é. Ní féidir lipéad a chur go díreach ar chéir choinneal, toisc go bhfuil sé beartaithe é a dhó. Dá bhrí sin, is gá gach coinneal a aicmítear mar contúirteach a chur i bpacáistiú. Ní mheastar go bhfuil coimeádán gloine oscailte, scragall alúmanaim a úsáidtear le haghaidh soilse tae, nó bosca páipéir oscailte mar phacáistiú soilse tae, nó bosca páipéir oscailte mar phacáistiú faoi ALP. Ní mór coinneal i gcoimeádán den sórt sin a sholáthar i bpacáistiú a chomhlíonann ALP, agus an lipéad greamaithe go daingean le dromchla amháin nó níos mó den phacáistiú láithreach ina bhfuil an choinneal, agus suite go cothrománach ar thaobh an phacáistithe, ionas gur féidir é a léamh go héasca. Mar an gcéanna, ní mór lipéad CLP a bheith ar bhuidéal idirleatóra a aicmítear mar contúirteach nuair a chuirtear ar an margadh é. Má chuirtear an t-idirleatóir ar an margadh i mbosca seachtrach, caithfidh an bosca seachtrach an lipéad ALP a iompar freisin.

I gcás coinneal beaga agus idirleata, d'fhéadfadh díolúintí lipéadaithe áirithe a bheith i bhfeidhm.

Tá tuilleadh faisnéise ar na ceanglais maidir le lipéadú agus díolúintí do phacáistiú beag ar fáil inár **mBileog Eolais**.



An gá dom faisnéis ar mo choinneal nó ar m'idirleatóir giolcaí a chur in iúl d'Ionad Náisiúnta Faisnéise Nimheanna na hÉireann?

Is gá, má aicmítear coinneal nó idirleatóir mar rud contúirteach do shláinte an duine nó de bharr a n-airíonna fisiceacha, ní mór fógra lárionaid nimhiúcháin (FLN) a chomhlánú i ngach Ballstát ina gcuirtear an meascán contúirteach ar an margadh. Is é an tIonad Náisiúnta Faisnéise Nimheanna (INFN) an comhlacht atá freagrach as na fógraí seo a fháil in Éirinn. Tá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas ar fáil ar [shuíomh gréasáin](#) an INFN.



Tá treoracha praiticiúla, ceisteanna agus freagraí agus fiseáin teagaisc ar an bpróiseas FLN ar leathanaigh ghréasáin Lárionaid Nimhe GEC agus is féidir teacht orthu anseo.



An dteastaíonn aitheantóir foirmle uathúil (AFU) uaim?

Teastaíonn, má aicmítear coinneal nó idirleatóir mar rud contúirteach do shláinte an duine nó de bharr a n-airíonna fisiceacha agus má chuirtear ar an margadh é le haghaidh úsáide tomhaltóra nó gairmiúla, is gá AFU (aitheantóir foirmle uathúil) a chur ar an lipéad. Is cód 16 dhigit é AFU agus de ghnáth gintear é trí úsáid a bhaint as uimhir CBL na cuideachta agus as uimhir fhoirmilithe a bhaineann go sonrach le meascán. Má chuirtear an dá uimhir seo isteach in uirlis ar líne Gineadóir AFU GEC, cuirfead an cód AFU ar fáil. Bunaíonn an AFU nasc gan athbhrí idir an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa FLN agus an táirge a chuirtear ar an margadh. Is iad ionaid nimhe go príomha a úsáidfidh an AFU i gcás glao éigeandála. Ba cheart go mbeadh an t-am chun an AFU a áireamh ar lipéad na coinne nó an táirge idirleata ag an am céanna le cur isteach an FLN, mar a thuairiscítear thuas.

Cad faoi Bhileoga Sonraí Sábháilteachta?

Tá Bileoga Sonraí Sábháilteachta ag teastáil le haghaidh gach meascán contúirteach a chuirtear ar an margadh le haghaidh úsáideoirí tionsclaíochta agus gairmiúla. Níl siad ag teastáil le haghaidh meascáin chontúirteacha lena n-úsáid ag tomhaltóirí. Má theastaíonn BSS, ní mór í a chur le chéile de réir larscríbhinn II de Rialachán CMÚC. Tá tuilleadh faisnéise ar bhileoga sonraí sábháilteachta ar fáil ag an [nasc](#) seo.

An bhfuil aon chaighdeán eile ann maidir le coinne nach mór dom a bheith feasach orthu?

Tá trí chaighdeán ann do choinne a thagann faoi shainchúram an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) agus an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Ba cheart dul i dteagmháil leo go díreach le haghaidh aon cheisteanna. Is iad na caighdeáin:

- I.S. EN 15426 COINNLE - SONRAÍOCHTA MAIDIR LE HIOMPAR SÚICHE

- I.S. EN 15493 COINNLE - SONRAÍOCHTA DON SHÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN

- I.S. EN 15494 COINNLE - LIPÉID SHÁBHÁILTEACHTA TÁIRGÍ



Cá háit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Tabhair cuairt ar www.hsa.ie/chemicals nó www.echa.europa.eu
Cuir ceisteanna ar ríomhphost chuig chemicals@hsa.ie

HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority